RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/112 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Eanáir 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rotha bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ("an bun-Rialachán") ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh cheana agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 964/2010 ([2]), d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí rotha alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín" nó "an tír lena mbaineann") ("na bearta bunaidh"). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, gairfear "an t-imscrúdú bunaidh" anseo feasta dó.

(2) Tar éis imscrúdú ar athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) "an bun-Rialachán", chuir an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") síneadh cúig bliana eile leis na bearta bunaidh ón 25 Eanáir 2017 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/109 ([3]) ("an t-imscrúdú roimhe seo ar an athbhreithniú éaga").

(3) Tá na bearta atá i bhfeidhm i bhfoirm dleachta *ad valorem* arna bunú ag 22,3 % ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(4) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú ([4]), fuair an Coimisiún iarraidh ar hathbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(5) Is é Comhlachas Monaróirí Rothaí na hEorpa (EUWA) ("an t-iarratasóir") a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 21 Deireadh Fómhair 2021 thar ceann thionscal an Aontais i leith rothaí alúmanaim áirithe de bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar na forais gur dhócha go leanfaí le dumpáil arís agus go leanfaí nó go gcuirfí tús arís le díobháil do thionscal an Aontais mar thoradh ar dhul in éag na mbeart.

(6) D'iarr na gearánaigh go gcoimeádfaí a n-ainm faoi rún ar eagla go bhféadfadh custaiméirí frithbhearta a dhéanamh orthu. Bhí an Coimisiún den tuairim gurbh amhlaidh go raibh riosca tromchúiseach ann go ndéanfaí frithbhearta agus ghlac sé nár cheart ainmneacha na ngearánach a nochtadh. Chun go mbeadh an anaithnideacht éifeachtúil, coimeádadh ainmneacha na dtáirgeoirí eile de chuid an Aontais faoi rún freisin ionas nach mbeifí in ann ainmneacha na ngearánach a dhéanamh amach.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 964/2010 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2010 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 282, 28.10.2010, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/109 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 18, 24.1.2017, lch. 1.)

([4]) Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca le bearta frithdhumpála áirithe (IO C 47, 10.2.2015, lch. 4).

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(7) Tar éis dó a chinneadh, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, go raibh dóthain fianaise ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain an Coimisiún, an 20 Eanáir 2022, le Fógra, arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([5]) ("an Fógra Tionscnaimh"), athbhreithniú maidir le dul in éag i ndáil le hallmhairí isteach san Aontas de rothaí alúmanaim áirithe de thionscnamh na Síne ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(8) An t-imscrúdú chun fáil amach an leanfar den dumpáil, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 ("tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe"). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go gcuirfear tús léi arís, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ("an tréimhse faoi bhreathnú").

1.5. **Páirtithe leasmhara agus iarraidh ar anaithnideacht**

(9) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, thug an Coimisiún fógra go sonrach do na hiarratasóirí, do tháirgeoirí aitheanta eile ón Aontas, do na táirgeoirí aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne agus d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, d'allmhaireoirí, d'úsáideoirí, do thrádálaithe aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an imscrúdaithe athbhreithnithe éaga agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(10) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála. Níor tugadh aon bharúil ná ní bhfuarthas aon iarraidh ar éisteacht.

Sampláil

(11) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Sampláil tháirgeoirí an Aontais

(12) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. De bhun Airteagal 17 den bhun-Rialachán, an critéar a úsáideadh le haghaidh roghnú an tsampla, ba iad na cainníochtaí ionadaíocha is mó de tháirgeacht an táirge chomhchosúil san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, i.e. 1 Deireadh Fómhair 2020 - 30 Meán Fómhair 2021. Bhí trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla sealadach sin, agus iad lonnaithe i dtrí Bhallstát éagsúla. Bhí beagnach 20 % de chainníocht táirgeachta iomlán den táirge comhchosúil de tháirgeoirí aitheanta san Aontas i gceist leis an sampla, agus áirithíonn sé raon maith geografach. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt maidir leis an sampla sealadach ach ní bhfuair sé aon bharúil uathu. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún gurb é an sampla a roghnaíodh go sealadach an sampla cinntitheach.

Sampláil na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara

(13) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Níor tháinig aon allmhaireoir neamhghaolmhar chun cinn, áfach.

Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne

(14) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(15) Sholáthair táirgeoir onnmhairiúcháin amháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(16) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ("Rialtas na Síne") maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

([5]) Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca le bearta frithdhumpála áirithe (IO C 29, 20.1.2022, lch. 34).

(17) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig trí tháirgeoir de chuid an Aontais, chuig an ngearánach agus chuig táirgeoir onnmhairiúcháin amháin. Tráth an tionscnaimh, rinneadh na ceistneoirí céanna ar líne lá an tionscnaimh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ([6]).

(18) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais. An táirgeoir onnmhairiúcháin a tháinig chun cinn le linn na samplála, níor thug sé freagra ceistneora. Ní bhfuarthas aon fhreagra ó aon cheann de na hallmhaireoirí neamhghaolmhara. Níor chuir aon duine de na húsáideoirí ceistneoir ar fáil ná níor tháinig siad ar aghaidh le linn an imscrúdaithe. Níor thug an Rialtas na Síne freagra ceistneora ach oiread.

(19) Toisc nach raibh aon chomhar ann ó tháirgeoirí onnmhairithe na Síne ná ó Rialtas na Síne, rinneadh na cinntí maidir le dumpáil agus díobháil ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Cuireadh misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach ar an eolas dá réir sin. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(20) Lorg an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá don imscrúdú. I gcomhréir leis an bhFógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais, fíoraíodh táirgeoir sampláilte amháin de chuid an Aontais trí chros-seiceáil chianda ([7]).

(21) Thug an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ar áitribh dhá tháirgeoir sampláilte de chuid an Aontais.

1.7. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(22) An 18 Samhain 2022, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe na dleachtanna frithdhumpála atá ann cheana a choinneáil ar bun. Ceadaíodh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(23) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha arna ndéanamh ag na páirtithe leasmhara agus cuireadh san áireamh iad, i gcás inarb iomchuí. Deonaíodh éisteacht do na páirtithe a d'iarr amhlaidh.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(24) Is éard atá sa táirge faoi athbhreithniú rothaí bóthair alúmanaim de chuid mótarfheithiclí faoi cheannteidil CN 8701 go 8705, bíodh siad lena n-oiriúintí nó ná bíodh, agus bíodh boinn feistithe orthu nó ná bíodh agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an táirge lena mbaineann" nó "rothaí alúmanaim" nó "ARW"), atá faoi láthair faoi chóid AC ex 8708 70 10 agus ex 8708 70 50 (cóid TARIC 8708 70 10 15, 8708 70 10 50, 8708 70 50 15 agus 8708 70 50 50).

(25) Díoltar an táirge lena mbaineann san Aontas trí dhá chainéal dáileacháin: do dheighleog na ndéantúsóirí buntrealaimh ("OEM") agus do dheighleog an mhargaidh iardhíola (AM). I ndeighleog OEM, eagraíonn monaróirí gluaisteán nósanna imeachta tairisceana le haghaidh ARWanna agus is minic a bhíonn baint acu leis an bpróiseas chun roth nua a fhorbairt, roth a bhaineann lena mbranda. Is féidir le táirgeoirí de chuid an Aontais agus táirgeoirí de chuid na Síne araon dul san iomaíocht le haghaidh na dtairiscintí céanna. San earnáil AM, de ghnáth is iad táirgeoirí ARW a dhéanann ARWanna a dhearadh, a fhorbairt agus a bhrandáil le díol ansin le mórdhíoltóirí, miondíoltóirí, cuideachtaí tiúnta, siopaí deisithe gluaisteán, etc.

(26) Mar a bhí san imscrúdú bunaidh, cé go bhfuil cainéil dáileacháin éagsúla ag rothaí alúmanaim OEM agus AM, suíodh go bhfuil na saintréithe fisiceacha agus teicniúla céanna acu agus go bhfuil siad inmhalartaithe. Meastar, dá bhrí sin, gurb aon táirge amháin iad.

2.2. **An táirge comhchosúil**

(27) Faoi mar a suíodh san athbhreithniú éaga roimhe seo, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú den athbhreithniú éaga sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann;

— an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne; agus

— an táirge a dhéanann tionscal an Aontais a tháirgeadh agus a dhíol san Aontas.

([6]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2575
([7]) IO C 86, 16.3.2020, lch. 6.

(28) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.3. **Maímh maidir leis an raon táirge**

(29) Ní bhfuair an Coimisiún aon mhaíomh maidir leis an raon táirge.

3. **DUMPÁIL**

(30) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú chun a dhéanamh amach an leanfadh Daon-Phoblacht na Síne de bheith i mbun dumpála nó an rachaidís i mbun dumpála arís de thoradh dhul in éag an bhirt atá i bhfeidhm.

3.1. **Réamhbharúlacha**

(31) Mar a luadh in aithris (19), níor chomhoibrigh aon onnmhaireoir/táirgeoir ón tSín san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí i dtaca le Daon-Phoblacht na Síne. Ní bhfuarthas aon fhreagra, agus dá bhrí sin chinn an Coimisiún Airteagal 18 a chur i bhfeidhm.

(32) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sé arís bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe an fhaisnéis atá san iarraidh ar an athbhreithniú éaga, agus an fhaisnéis a fuarthas ó pháirtithe comhoibritheacha le linn an imscrúdaithe athbhreithniúcháin (mar atá, an t-iarratasóir agus táirgeoirí sampláilte an Aontais).

(33) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, leanadh d'allmhairí rothaí alúmanaim áirithe ón tSín, cé go raibh na hallmhairí ar leibhéal ní b'ísle ná mar a bhí i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh. De réir Eurostat, bhí 3,4 % de mhargadh an Aontais i gceist le hallmhairí rothaí alúmanaim áirithe ón tSín i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcomparáid le sciar 12,4 % den mhargadh le linn an imscrúdaithe bunaidh, agus 3,2 % le linn an athbhreithnithe éaga roimhe sin.

3.2. **An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le haghaidh allmhairí den táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad**

(34) Ós rud é gur leor an fhianaise a bhí ann tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú lena thaispeáint, a mhéid a bhain le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(35) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé go mba ghá dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, san Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am.

(36) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Luaigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a), den bhun-Rialachán.

(37) An 12 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le Nóta maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurbh í an Bhrasaíl an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go leagfadh sé síos costais díolacháin, costais ghinearálta agus costais riaracháin ("costais SGA") agus na brabúis bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil do na cuideachtaí Iochpe Maxion S.A. agus Neo Rodas S.A, táirgeoirí sa tír ionadaíoch. Ní bhfuarthas aon bharúil.

3.3. **Gnáthluach**

(38) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, "beidh an gnáthluach bunaithe de ghnáth ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir".

(39) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgeachta agus díolachán ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa", agus "áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnta de chostais riaracháin, díolacháin agus costais ghinearálta agus i gcomhair brabús" ("costais SGA" a thugtar anseo feasta ar "costais riaracháin, díolacháin agus costais ghinearálta").

(40) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don éagmais comhoibrithe ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(41) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir leis an earnáil alúmanaim i nDaon-Phoblacht na Síne ([8]), shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(42) Sna himscrúduithe sin, shuigh an Coimisiún gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([9]). Go háirithe, ba é conclúid an Choimisiúin nach amháin gurbh ann do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne san earnáil alúmanaim fós de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([10]) ach go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí freisin de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([11]). Shuigh an Coimisiún thairis sin go mbíonn éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([12]). Thairis sin, ba é conclúid an Choimisiúin nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne ([13]). Ar an gcaoi

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/402 ón gCoimisiún an 09 Márta 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 10.3.2022, lch. 7); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/546 ón gCoimisiún an 29 Márta 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí d'easbhrúnna alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 109, 30.3.2021, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 124, 12.4.2021, lch. 40); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 216, 18.6.2021, lch. 142).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/402, *aithrisí 50-52*; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, *aithrisí 125-131, agus 185-188*; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, *aithrisí 80-86, agus 140-143*.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/402, aithris 39; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1428 an 12 Deireadh Fómhair 2020, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí easbhrúnna alúmanaim ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 336, 13.10.2020, lch. 8) ón gCoimisiún, aithrisí 98-104; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, *aithrisí 132-137*; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, *aithrisí 87-92*.

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/402, aithrisí 40-42; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, *aithrisí 138-143*; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983 ón gCoimisiún, *aithrisí 93-98*. An ceart atá ag údaráis ábhartha na Síne chun príomhphearsanra bainistíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh nó a chur as a bpost, ceart dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, cé gur féidir an ceart sin a mheas mar cheart a léiríonn na cearta úinéireachta comhfhreagracha, ó tharla gurb ann do chealla de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair stáit agus i bhfiontair phríobháideacha araon, is modh tábhachtach eile é sin trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach. Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear táirgeoirí rotha alúmanaim agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/402, aithrisí 43-45; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582 ón gCoimisiún, *aithrisí 144-166*; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, *aithrisí 99-120*.

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/402, aithris 46; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, *aithrisí 167-171*; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, *aithrisí 121-125*.

chéanna, shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil alúmanaim de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([14]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain i nDaon-Phoblacht na Síne ([15]).

(43) Faoi mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil alúmanaim sa tSín, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach an iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá san iarraidh, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le saobhadh suntasach i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha imscrúduithe cosanta trádála ([16]) ("an Tuarascáil"), rud a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún tuilleadh leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(44) Rinneadh tagairt san iarraidh sa chás sin don Tuarascáil, go háirithe do na ranna a bhaineann le hearnáil an alúmanaim agus le fiontair faoi úinéireacht stáit, beartas CBL agus dleacht onnmhairiúcháin a bhfuil tionchar aici ar onnmhairí, agus d'imscrúduithe a rinne an Coimisiún roimhe sin ar tháirgí alúmanaim agus iartheachtacha ([17]). Thairis sin, rinneadh tagairt san iarraidh do staidéir neamhspleácha lena gcinntear go bhfuil margadh alúmanaim na Síne saofa, mar shampla an Tuarascáil maidir le ró-acmhainneachtaí sa tSín arna heisiúint ag Comhlachas Tráchtála an Aontais Eorpaigh i mBéising, agus staidéar 2019 ECFE dar teideal "Measuring distortions in international markets: the aluminium value chain" ([18]). Cuireadh na staidéir sin sa chomhad imscrúdaithe ag an gcéim thionscnaimh. Níor chuir aon pháirtí leasmhar aon bharúlacha ar fáil maidir leis na staidéir.

(45) Is ann do chuid mhór úinéireachta agus smachta ag Rialtas na Síne san earnáil alúmanaim fós de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Roinnt de na tairgeoirí is mó, is táirgeoirí faoi úinéireacht an Stáit iad. Ó tharla nach bhfuarthas aon chomhoibriú ó onnmhaireoirí an táirge faoi athbhreithniú sa tSín, níorbh fhéidir cóimheas cruinn na dtáirgeoirí príobháideacha agus na dtáirgeoirí faoi úinéireacht stáit a dhearbhú. Dheimhnigh an t-imscrúdú, áfach, gur fiontair faoi úinéireacht stáit roinnt táirgeoirí móra in earnáil na rothaí alúmanaim, lena n-áirítear CITIC Dicastal Wheel Manufacturing (an monaróir rothaí alúmanaim is mó ar domhan de réir shuíomh gréasáin na cuideachta ([19])) agus Dongfeng Motors Group (lena n-áirítear dhá fhochuideachta a tháirgeann rothaí alúmanaim: Dongfeng Automotive Wheel Suizhou agus Dongfeng Maxion Wheels Suizhou).

(46) Maidir le bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, tá fiontair phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseacht bheartais agus faoi réir treorú. Le linn an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún gurb ann do naisc phearsanta idir táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus Páirtí Cumannach na Síne ("CCP"), mar shampla comhaltaí de Pháirtí Cumannach na Síne a bheith i measc lucht bainistíochta sinsearaí nó mar chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí i roinnt cuideachtaí a mhonaraíonn an táirge faoi athbhreithniú. Mar shampla, in CITIC Dicastal Wheel Manufacturing, tá Cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí ina Rúnaí ar Choiste an Pháirtí ag an am céanna, oibríonn Leas-Chathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí freisin mar Leas-Rúnaí ar Choiste an Pháirtí agus is Leas-Rúnaí ar Choiste an Pháirtí é Cathaoirleach an Bhoird Maoirseoirí. Chomh maith leis sin, tá fiontair atá faoi úinéireacht phríobháideach i dtionscal na rothaí alúmanaim faoi réir cur isteach an pháirtí, mar shampla in Zhejian Wanfeng Aowei Auto Wheel, tá Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta ina Leas-Rúnaí ar Choiste an Pháirtí freisin agus tá comhalta amháin ar a laghad den Bhord Stiúrthóirí ina chomhalta d'Eagraíocht an Pháirtí freisin.

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/402, aithris 47; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, *aithrisí 172-173*; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, *aithrisí 126-127*.

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/402, aithris 48; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, *aithrisí 174-184*; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, *aithrisí 128-139*.

([16]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le saobhadh suntasach i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne, SWD (2017) 483 final/2, 20.12.2017, atá ar fáil ag: https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2017/december/tradoc_156474.pdf

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/915 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithnithe éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 146, 5.6.2019, lch. 63), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/546; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582.

([18]) Páipéir an ECFE um Beartas Trádála, Uimh. 218, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, ar fáil ag: http://dx.doi.org/10.1787/c82911ab-en

([19]) https://www.citic.com/ar2020/en/manufacturing/auto-components/

(47) Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí in earnáil na rothaí alúmanaim faoi réir maoirseacht bheartais agus faoi réir treorú. Leagann roinnt táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú béim go sainráite ar ghníomhaíochtaí tógála páirtithe ar a suíomhanna gréasáin, ar chomhaltaí páirtí i mbainistiú cuideachta agus leagann siad béim ar a gcleamhnacht le Páirtí Cumannach na Síne. Léirigh an t-imscrúdú gníomhaíochtaí tógála páirtí i roinnt táirgeoirí rothaí alúmanaim, sna fiontair atá faoi úinéireacht stáit agus sna fiontair atá faoi úinéireacht phríobháideach araon. Mar shampla, tá Coiste an Pháirtí gníomhach ag an CITIC Group, grúpa a eagraíonn imeachtaí rialta. Ar shuíomh gréasáin na cuideachta, is féidir le duine a léamh, i measc nithe eile: "Ba cheart do gach fostaí [na seanchomhaltaí] a leanúint mar shampla, a ndílseacht don Pháirtí a choinneáil go deo"; "Ba cheart d'eagraíochtaí páirtí ar gach leibhéal seasamh le ceannaireacht fhoriomlán an pháirtí agus é a neartú, lán-imirt a thabhairt do ról bhrainsí an Pháirtí mar dhaingin troda, […]", "le 40 bliain anuas, […] bhí baint ghníomhach ag CITIC le hathchóirithe tástála agus rinne sí a dícheall a bheith rannpháirteach go dearfach i gcinnteoireacht agus imscaradh an rialtais láir", "tugann fógra meirge an Pháirtí treo na forbartha, agus ní mór dúinn i gcónaí cloí le treo fógra meirge an Pháirtí; Tugann an Páirtí an treoshuíomh straitéiseach agus ní mór dúinn an straitéis náisiúnta a chur chun feidhme gan imeacht uaidh.".

(48) Sampla eile de Choistí an Pháirtí a bheith rannpháirteach sa chuideachta agus i maoirseacht bheartais agus treoir beartais is ea Zhongnan Wheel, cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, a chuireann in iúl ar a suíomh gréasáin gur bhunaigh sé Coiste an Pháirtí in 2020 ([20]). Tugann an t-alt tuairisc ar ról Choiste an Pháirtí ar an mbealach seo a leanas: "ba cheart do bhrainse an Pháirtí a áirithiú go mbeidh forbairt [na cuideachta] faoi stiúir gníomhaíochtaí tógála an Pháirtí; […] Mar fhiontar príobháideach, cloíonn Zhongnan (Foshan) i gcónaí le prionsabal 'an Páirtí a bheith i gceannas ar gach rud' maidir le forbairt ghnó na cuideachta".

(49) Is cuideachta faoi úinéireacht phríobháideach eile é Zhejiang Wanfeng Aowei Auto Wheel a tháirgeann rothaí alúmanaim a bhfuil Coiste an Pháirtí aige. De réir a shuíomh gréasáin, bunaíodh brainse an Pháirtí in 1994, sa bhliain chéanna leis an gcuideachta féin agus tá níos mó ná 470 comhalta aige ([21]).

(50) Chomh maith leis an bpáirtí a bheith ann ar leibhéal na cuideachta, tá Páirtí Cumannach na Síne ann freisin ar leibhéal an chomhlachais tionscail. Tá Coiste na Rothaí curtha ar bun ag Comhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na Síne a bhfuil na rialacha oibre oifigiúla seo a leanas aige: "Airteagal 3: Tá sé de chuspóir ag an gcoiste seo: cloí le dlíthe agus rialacháin an stáit, poiblíocht ghníomhach a dhéanamh ar threoirlínte, beartais agus foraitheanta an Pháirtí agus iad a chur chun feidhme agus na treoirlínte, na beartais agus na foraitheanta náisiúnta maidir le forbairt an tionscail gluaisteán, leasanna foriomlána an tionscail agus cearta agus leasanna dlisteanacha a chomhaltaí a chosaint, agus cúnamh a thabhairt do ranna rialtais agus do Chomhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na Síne chun dea-bhainistíocht an tionscail a áirithiú" agus thairis sin in Airteagal 4(2): "A bheith rannpháirteach go gníomhach i ranna rialtais nó cabhrú leo chun taighde a dhéanamh ar na caighdeáin agus na rialacháin ábhartha a bhaineann le tionscal na rothaí, chun iad a léiriú, measúnú a dhéanamh orthu, a fhoirmliú agus a fhoilsiú, agus jab maith a dhéanamh i mbainistíocht cáilíochta agus i bhfaireachán cáilíochta an tionscail ([22])." Tá sé seo i gcomhréir le hAirteagail Chomhlachais Chomhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na Síne, a fhoráiltear in Airteagal 2: "Tá sé de chuspóir ag an gComhlachas seo: na treoirlínte agus na beartais náisiúnta a chur chun feidhme; […], chun freastal ar ranna rialtais" agus in Airteagal 3: "Cloíonn an Comhlachas le ceannaireacht fhoriomlán Páirtí Cumannach na Síne, bunaíonn sé eagraíocht Pháirtí Cumannach na Síne, forbraíonn sé gníomhaíochtaí an Pháirtí, agus soláthraíonn sé coinníollacha riachtanacha le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí i gcomhréir le forálacha Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne ([23])."

(51) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm san earnáil alúmanaim lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena ndéantar tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán.

(52) Tá earnáil an alúmanaim faoi réir roinnt mhaith pleananna, treoirlínte, treoracha agus doiciméid bheartais eile a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal bardasach. Ós rud é go dtagann tréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe i dtréimhse shealadach idir bailíocht an 13ú agus an 14ú Plean Cúig Bliana, tá an dá thacar doiciméad ina n-ábhar spéise don athbhreithniú seo. Bhí an 13ú Plean Cúig Bliana i bhfeidhm go hoifigiúil idir 2016-2020, ach níor foilsíodh líon mór den 14ú Plean Cúig Bliana ach sa dara cuid de 2021 agus le linn na bliana 2022, dá bhrí sin, tá an 13ú Plean Cúig Bliana fós ábhartha don athbhreithniú seo.

([20]) http://www.znlwheel.com/news/detail.aspx?AID=100000131158951&NodeCode=101030001
([21]) http://www.zjzzgz.gov.cn/art/2018/11/8/art_1513449_29551627.html
([22]) http://www.caam.org.cn/chn/42/cate_478/con_5084242.htm
([23]) Airteagail chomhlachais Chomhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na Síne: http://www.caam.org.cn/chn/2/cate_8/con_5223238.html

(53) Samplaí de dhoiciméid bheartais lena dtreoraítear forbairt thionscal alúmanaim núiclíde na Síne is iad an 13ú Plean Cúig Bliana um Forbairt Eacnamaíoch agus Sóisialta ([24]) nó Plean Forbartha Thionscal na Miotail Neamhfheiriúla (2016-2020) agus beartais eile ar an leibhéal náisiúnta. Chomh maith leis sin, tá doiciméadú forleathan déanta ar roinnt pleananna réigiúnacha, mar shampla, Fógra Rialtas Chúige Shandong maidir leis an bplean cur chun feidhme chun dlús a chur le forbairt ardcháilíochta na seacht dtionscal dianfhuinnimh san imscrúdú a rinne an Coimisiún roimhe seo ar an earnáil ([25]). Ar an gcaoi chéanna, tá doiciméadú mionsonraithe déanta ag an gCoimisiún go dtairbhíonn tionscal alúmanaim de threoir agus d'idirghabháil rialtais maidir leis na príomh-amhábhair agus an t-ionchur, go háirithe fuinneamh ([26]). Is é an dála céanna é maidir le bearta eile rialtais san earnáil a chuireann isteach ar fhórsaí an mhargaidh, amhail, i measc nithe eile, beartais a bhaineann le honnmhairiú, beartais stoc-charntha, beartais maidir le méadú cumais táirgthe nó soláthar ionchuir ag níos ísle ná praghsanna an mhargaidh.

(54) Faoi láthair, tá roinnt doiciméad beartais le déanaí a bhaineann le tionscal an alúmanaim i bhfeidhm sa tSín, lena n-áirítear an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal Amhábhar a Fhorbairt ([27]) agus an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Ghlas an Tionscail ([28]) ar an leibhéal náisiúnta agus pleananna cúigeacha mar shampla an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Shandong maidir le Forbairt Tionscail an Alúmanaim ([29]) agus Bearta Cur Chun Feidhme Henan maidir le hAcmhainneacht a Athsholáthar i gCruach, Alúmanam Leictrealaíoch, Tionscail Stroighne agus Gloine 2021, ar an leibhéal áitiúil.

(55) Áirítear ar an 14ú Plean Cúig Bliana maidir leis an Tionscal Amhábhar a Fhorbairt forálacha lena n-áirithítear infhaighteacht alúmanaim mar amhábhar: "Gníomhaíochtaí cur chun feidhme chun ganntanais i bpríomhábhair a shárú; […] Gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun bulc-ábhair bhunúsacha a chomhdhlúthú agus a fheabhsú agus chun treoir a thabhairt d'fhiontair an ghlúin nua TF a úsáid ar bhonn na bpróiseas táirgthe barrfheabhsaithe chun feabhas a chur ar iomaíochas foriomlán […], cóimhiotail ardnirt alúmanaim, […]". Sa bhreis air sin, iarrtar sa phlean go ndéanfaí rialú acmhainneachta in earnáil an alúmanaim: "Rialú dian a dhéanamh ar acmhainneacht táirgeachta atá méadaithe le déanaí. Beartais athsholáthair acmhainneachta táirgeachta a fheabhsú agus a chur chun feidhme go docht […] d'earnáil an alúmanaim leictrealaíoch, forbairt mí-ordúil […] agus ocsaíd alúmanaim a chosc". Is éard atá i gceist leis an bplean freisin dáileadh geografach na dtionscal éagsúil sa tSín, faoin gcaibidil "Treoir a áirithiú i dtreo leagan amach réasúnta". Léitear an chaibidil mar seo a leanas: "Cuirfear feabhas ar leagan amach na hacmhainneachta táirgthe nua. […] Príomhstraitéisí náisiúnta agus réigiúnacha, straitéisí forbartha um chomhordú réigiúnach, agus straitéisí maidir le príomhréimsí feidhme a chur chun feidhme, agus tionscal na n-amhábhar a spreagadh chun a leagan amach spásúil a bharrfheabhsú agus a choigeartú. […] Leagan amach ordúil na limistéar cósta a áirithiú le tionscadail ina n-úsáidtear acmhainní thar lear amhail ocsaíd alúmanaim". Pléann an plean a thuilleadh faoi bhraislí tionsclaíocha a chruthú: "Braislí caighdeánaithe tionscail a chothú. […], an t-athrú i leagan amach earnáil an alúmanaim leictrealaíoch a chothú ó 'ghual — leictreachas — alúmanam' go "fuinneamh glan, hidreachumhacht den sórt sin, cumhacht ghaoithe — alúmanam". Ar deireadh, déantar foráil sa phlean maidir le hardteicneolaíochtaí a chur chun cinn in earnáil an alúmanaim, agus claochlú na hearnála á chur chun cinn. Mar is léir ón liosta thuas, déanann an rialtas láir dlúthfhaireachán ar earnáil an alúmanaim agus stiúrann sé í agus tá an earnáil múnlaithe den chuid is mó ag idirghabháil rialtais seachas ag fórsaí an mhargaidh shaoir.

(56) Tá roinnt eilimintí treorach tionscail d'earnáil an alúmanaim san áireamh freisin sa 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Ghlas an Tionscail. Leagtar béim sa phlean ar an tábhacht a bhaineann le rialú acmhainneachta: "An beartas athsholáthair acmhainneachta do thionscail amhail cruach, stroighin, gloine chomhréidh agus alúmanam leictrealaíoch a chur chun feidhme go docht". Ina theannta sin, beartaítear sa phlean trealamh agus athchóirithe teicneolaíochta chun astaíochtaí sloda ruaimneach a laghdú chomh maith le leictrealú alúmanaim ísealcharbóin éifeachtúil a chur chun cinn. Mar is amhlaidh le spriocanna forbartha tionscail eile atá leagtha amach sna pleananna, is féidir a bheith ag súil leis go ndéanfar an t-aistriú riachtanach, cuirfear maoiniú ar fáil do na fiontair chun spriocanna an phlean a chur chun feidhme ([30]).

(57) Cé go soláthraíonn an 14ú Plean Cúig Bliana treoir sách ginearálta maidir le forbairt thionscal an alúmanaim, tá na pleananna áitiúla i bhfad níos mionsonraithe agus níos sonraí, agus soláthraíonn siad spriocanna an-mhionsonraithe a chuimsíonn gach gné d'fhorbairt an tionscail. Tá méid chur isteach na Síne

([24]) An 13ú Plean 5 Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Dhaon-Phoblacht na Síne (2016-2020), le fáil ag: https://en.ndrc.gov.cn/newsrelease_8232/201612/P020191101481868235378.pdf (an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 6 Bealtaine 2021).
([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, *aithrisí 147-155*; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, *aithrisí 102-109*.
([26]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, *aithrisí 156-158*; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, *aithris 111*.
([27]) Tá téacs iomlán an phlean ar fáil ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html
([28]) https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_4ac49eddca6f43d68ed17465109b6001.html
([29]) http://gxt.shandong.gov.cn/art/2021/11/18/art_15681_10296248.html https://h5.drcnet.com.cn/docview.aspx?version=integrated
([30]) Féach an Tuarascáil, caibidil 6

ar thionscal an alúmanaim ar an leibhéal áitiúil le feiceáil sna treoirdhoiciméid áitiúla. Sampla amháin den sórt sin is ea an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Shandong maidir le Forbairt Tionscail an Alúmanaim. Tosaíonn an plean trí liosta a dhéanamh de na héachtaí a baineadh amach i bhforbairt thionscal an alúmanaim le linn an 13ú Plean Cúig Bliana, lena n-áirítear tógáil na bpríomhfhiontar alúmanaim: "Cuireadh buíon fiontair chnámh droma próiseála alúmanaim le chéile, lena n-áirítear Shandong Weiqiao Pioneering Group Co. Ltd ('Weiqiao'), Shandong Xin Fa Group Co. Ltd. ('Xinfa'), Shandong Nanshan Aluminium Co. Ltd. ('Nanshan'), Shandong Innovation Metal Co. Ltd. ('Chuangxin'), Longkou Conglin Aluminium Material Co. Ltd. ('Conglin'), Huajian Aluminium Industry ('Huajian') agus Shandong Sanxing Group ('Sanxing')." Ina theannta sin, leagtar amach spriocanna ginearálta d'fhorbairt tionscail an alúmanaim áitiúil, lena n-áirítear: "[…]lán-imirt a thabhairt do gheilleagar scála thionscal an alúmanaim sa chúige agus díriú ar chomhleanúnachas thionscal na domhainphróiseála alúmanaim, cumas nuálaíochta an tionscail a fheabhsú go héifeachtach, leathnú slabhraí tionscail a chur chun cinn go domhain, iarracht a dhéanamh struchtúr réasúnta a bheith ann do thionscal an alúmanaim, an leagan amach a bharrfheabhsú agus cáilíocht agus éifeachtúlacht a fheabhsú agus dlús a chur le múnlú Shandong mar bhonn tionsclaíoch alúmanaim den chéad scoth."

(58) Liostaítear freisin i bplean Chúige Shandong roinnt spriocanna an-sonrach, mar shampla: "Faoi 2025, sroichfidh tionscal an alúmanaim 800 billiún CNY, leanfaidh méid margaidh na dtáirgí deiridh de bheith ag leathnú, agus is táirgí ard-bhreisluacha a bheidh in os cionn 60 % díobh, agus beidh an cóimheas idir toirt táirgeachta ábhair alúmanaim/toirt táirgeachta alúmanaim leictrealaíoch níos airde ná an meán náisiúnta, a shroichfidh 2.5:1. Tiocfaidh braisle tionsclaíoch alúmanaim mór a bhfuil tionchar láidir aige intíre agus ar an gcoigríoch as an gcúige." Agus chomh maith leis sin: "Faoi 2025, déanfar rialú ar acmhainneacht táirgeachta alúmanaim leictrealaíoch agus ar ocsaíd alúmanaim, sroichfidh na leictrealóirí an t-ardleibhéal acmhainneachta táirgeachta 400 kA agus níos faide anonn, agus laghdófar an tomhaltas fuinnimh (sruth díreach) in aghaidh an tona alúmanaim le haghaidh alúmanam leictrealaíoch go dtí thart ar 12 500 kWh".

(59) Tá roinnt saintreoracha geografacha an-sonrach i gceist le Plean Shandong maidir le suíomh na ngléasraí alúmanaim. Beartaítear leis an bPlean réimsí sonracha a neartú: "na trí phríomhréimse: Binzhou, Liaocheng agus Yantai, agus an dá réimse feidhme: Weifang agus Linyi." I gcás gach ceann de na réimsí sin, tá an plean an-sonrach maidir le saoráidí monaraíochta agus na hábhair atá le monarú i ngach suíomh. Mar shampla, chun leibhéal mionsonrach an Phlean a léiriú, beartaítear an méid seo a leanas i gcás shuíomh Binzhou: "Limistéar lárnach Binzhou a thógáil, arb iad is saintréithe leis an slabhra tionscail ar fad a bheith ann, agus leagan amach tionscal na cathrach a bhunú ar an Zouping, agus Criosanna Forbartha Eacnamaíochta agus Teicneolaíochta Binzhou timpeall Crios Forbartha Eacnamaíochta Beihai; Ról a thabhairt d'fhiontair cheannródaíocha agus d'fhiontair chnámh droma chun buntáistí an scála táirgthe agus an tslabhra chuimsithigh thionsclaíoch a leathnú a thuilleadh, díriú ar chúig phríomhréimse a fhorbairt, amhail cóimhiotail alúmanaim éadroma agus ardnirt, leatháin agus scragaill alúmanaim, leictreonaic 3C, meáchan éadrom gluaisteán, agus troscán tí alúmanaim; Forbairtí ceannródaíocha a áirithiú i bhforbairt táirgí meánleibhéil go hardleibhéil, amhail loiní, rothaí gluaisteán agus moil, plátaí gluaisteán, agus gaibhnithe cóimhiotal alúmanaim ardfheidhmíochta le haghaidh fonnadh gluaisteán; agus chun alúmanam a chur in ionad cruach, adhmaid, plaisteach agus táirgí deiridh eile. Le tacaíocht ó thaighde eolaíoch agus teicneolaíochta agus ó ardáin forbartha amhail Weiqiao Guoke Binzhou Science and Technology Park, déanfar forbairtí ceannródaíocha i réimsí alúmanam ardíonachta, ábhair chomhchodacha alúmanam-bhunaithe, teicneolaíochtaí ullmhúcháin comhpháirteanna speisialta agus teicneolaíochtaí táthúcháin cóimhiotal alúmanaim; Dlús a chur le tógáil ardán seirbhíse poiblí Shandong Aluminium Valley agus chun fórsaí tacaíochta agus dul chun cinn seirbhísí poiblí, trádáil tráchtearraí, airgeadas, lóistíocht agus nuálaíocht theicneolaíoch a scaoileadh, d'fhonn "China Aluminium Valley" a chruthú. (béim curtha leis)

(60) Ina theannta sin, sainaithnítear i bPlean Shandong 4 réimse i dtionscal an alúmanaim ar gá iad a fhorbairt/a neartú: bruithniú alúmanaim, cóimhiotail alúmanaim, cumaisc atá bunaithe ar alúmanam, próiseáil alúmanaim agus domhainphróiseáil. I gcás gach ceann de na cineálacha próiseála alúmanaim sin, leagtar amach sa phlean spriocanna agus cuspóirí nithiúla atá le baint amach sna 5 bliana amach romhainn. Thairis sin, beartaítear i bPlean Shandong go ndéanfaidh na bardais áitiúla a bPleananna Cúig Bliana féin a fhorbairt chun comhordú a áirithiú i bhforbairt tionscail ar gach leibhéal: "Ba cheart do bhardais tógáil ar an bplean sin chun pleananna earnála réigiúnacha alúmanaim a fhorbairt agus chun forbairt sineirgisteach an tionscail a bhaint amach".

(61) Ar deireadh, leagtar amach i bPlean Shandong bearta tacaíochta (airgeadais) do na fiontair alúmanaim áitiúla: "Dlús a chur le tacaíocht bheartais agus rialála. Beartais tacaíochta éagsúla ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal cúige a chur chun feidhme go gníomhach, agus treisiú le braislí tionsclaíocha cáilithe, le príomhtháirgí, agus le príomhtheicneolaíochtaí agus tacú le fiontair chun tabhairt faoi mhórthionscadail náisiúnta agus chúigeacha. Úsáid sholúbtha a bhaint as cineálacha nua agus sean fuinnimh chun mórphacáistí innealtóireachta a athrú ó bhonn agus tacú le forbairt fiontar 'cheannródaíoch', lena n-áirítear dreasachtaí

fioscacha, soláthar talún, leithdháileadh fuinnimh ghlais, ciorruithe cánach, agus nuálaíochtaí teicneolaíochta, agus chun dreasachtaí cánach a chur chun feidhme le haghaidh athchúrsáil alúmanaim. Cistí infheistíochta cothromais ar leibhéal cúigeach a spreagadh chun taighde agus forbairt a chothú agus chun táirgí nua tosaíochta a thionsclú, infheistíocht níos mó i gcaipiteal sóisialta a mhealladh agus a ghiaráil."

(62) Is léir ó na samplaí thuas, go dtéann méid na rannpháirtíochta rialtais i bhfad níos faide ná tacaíocht ghinearálta le tionscal tíre. Is éard atá ann rialú dian agus bainistíocht rialtais ar gach gné a bhaineann leis an tionscal ar gach leibhéal – ón leibhéal náisiúnta, go dtí an leibhéal cúigeach agus an leibhéal bardasach. Sa bhreis ar an méid thuas, baineann táirgeoirí rothaí alúmanaim tairbhe as fóirdheontais stáit, rud a léiríonn go soiléir go bhfuil leas ar leith ag an Stát san earnáil seo. Le linn an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún gur bhain roinnt táirgeoirí rothaí alúmanaim tairbhe as fóirdheontais dhíreacha stáit, lena n-áirítear Zhejiang Wanfeng Aowei Auto Wheel ([31]) agus Dongfeng Motors ([32]).

(63) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh na bpríomh-ionchur a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(64) Cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoine san earnáil alúmanaim de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (42), níor tháinig an t-imscrúdú ar aon fhianaise lena léiriú nach mbeadh tionchar ag an méid sin ar mhonaróirí an táirge faoi athbhreithniú.

(65) Ina theannta sin, tá an earnáil alúmanaim faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (42) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach (nuair atá rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir i gceist ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne).

(66) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise faoi bhráid an imscrúdaithe reatha a léirigh nach bhfuil an earnáil alúmanaim faoi thionchar ag idirghabháil ón rialtas san earnáil airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (42) freisin. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.

(67) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Nuair a dhéanann táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú na hionchuir sin a cheannach nó conradh a dhéanamh ina dtaobh, tá na praghsanna a íocann siad (agus a thaifeadtar mar chostais) gan cosaint ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa; féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó sa leithdháileadh caipitil; agus bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus gach earnáil.

(68) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi athbhreithniú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(69) Ní dhearna aon cheann de na páirtithe leasmhara aon fhianaise ná argóint dá mhalairt a thabhairt ar aird.

(70) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, ba é conclúid an Choimisiúin nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a phléitear sa roinn a leanas.

([31]) Féach 2021 Tuarascáil Zhejiang Wanfeng Aowei Auto Wheel, lch. 192 http://www.wfaw.com.cn/gongsigonggao/download-265.html

([32]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2021 Dongfeng Motors, lch. 153: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2022/2022-3/2022-03-31/7941734.PDF

3.3.2. *An tír ionadaíoch*

3.3.2.1. Barúlacha ginearálta

(71) Ba cheart roghnú na tíre ionadaíche a bhunú ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá comhionann le hollioncam náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([33]);

— Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([34]);

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír inar leordhóthanach leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil atá inti.

(72) Mar a mhínítear in aithris (37), d'eisigh an Coimisiún Nóta faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí an 12 Bealtaine 2022. Sa nóta seo, tuairiscíodh na fíorais agus an fhianaise is bun leis na critéir ábhartha, cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún an Bhrasaíl a bhreithniú mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás reatha dá mba rud é go ndeimhneofaí gurbh ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(73) I gcomhréir leis na critéir a liostaítear faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl mar thír a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Rangaíonn an Banc Domhanda an Bhrasaíl mar thír "ard-mheánioncaim" ar bhonn ollioncam náisiúnta. Ina theannta sin, sainaithníodh an Bhrasaíl mar thír ina raibh an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh agus bhí fáil éasca ar shonraí ábhartha.

(74) Ar deireadh, i bhfianaise éagmais comhair agus tar éis a shuí gur tír ionadaíoch iomchuí í an Bhrasaíl, bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.3.2.2. Conclúid

(75) In éagmais comhair, mar a moladh san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus ós rud é gur chomhlíon an Bhrasaíl na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún an Bhrasaíl mar an tír ionadaíoch iomchuí.

3.3.3. *Foinsí a úsáideadh chun costais neamhshaofa a shuí*

(76) Sa nóta maidir le foinsí ábhartha atá le húsáid chun an gnáthluach a chinneadh, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Luaigh an Coimisiún freisin, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2 (6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Atlas Trádála Domhanda ("GTA") chun an costas neamhshaofa a dhéanamh amach maidir le formhór na dtosca táirgeachta, go sonrach na hamhábhair. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé faisnéis ó na nithe seo a leanas: institiúid staidrimh na Brasaíle chun costais neamhshaofa saothair a bhunú, taraifí poiblí ó sholáthraithe leictreachais sa Bhrasaíl agus bunachar sonraí atá ar fáil le haghaidh gáis nádúrtha.

(77) Ar deireadh, chuir an Coimisiún in iúl go n-úsáidfeadh sé na sonraí airgeadais ón dá tháirgeoir den tháirge faoi athbhreithniú ón mBrasaíl, mar a leagtar amach in aithris (37) thuas, chun costais SGA agus brabús a bhunú.

(78) Chuir an Coimisiún ar áireamh luach ar fhorchostais mhonaraíochta chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Shuigh an Coimisiún an cóimheas idir forchostais mhonaraíochta agus costais dhíreacha na monaraíochta, bunaithe ar shonraí tháirgeoirí an Aontais a chuir an t-iarratasóir ar fáil, lenar cuireadh faisnéis shonrach ar fáil chun na críche sin.

([33]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income

([34]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar féachaint ar tháirge a tháirgtear san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus an táirge faoi athbhreithniú.

3.4. **Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa**

3.4.1. *Tosca táirgeachta*

(79) I bhfianaise na faisnéise uile ar bhonn na hiarrata agus na faisnéise a bailíodh le linn an nós imeachta ina dhiaidh sin, sainaithníodh na tosca táirgeachta a leanas agus a gcuid foinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Fachtóirí táirgthe rothaí bóthair alúmanaim áirithe

Toisc tháirgeachta	Cód an Tráchtearra	Luach (RMB)	Aonad tomhais
Amhábhair			
Tinní alúmanaim	760120	14,56	kg
Péint	320810 320820 320890	48,69	kg
Gach amhábhar eile; breiseáin; pacáistiú	N/B	4,48 % de na hamhábhair	N/B
Lucht saothair			
Costas Saothair i dtionscail na monaraíochta (NACE C.25)	N/B	28,44	uair an chloig
Fuinneamh			
Leictreachas	N/B	0,432	kWh
Gás Nádúrtha	N/B	0,357	kWh
Uisce			
Uisce	N/B	12,87	M3

3.4.1.1. Amhábhair

(80) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairithe ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas Daon-Phoblacht na Síne ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([35]).

(81) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh, toisc gur shocraigh sé i roinn [3.3.1] nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós.

([35]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar in Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh agus, ar aon chuma, gur sonraí diomaibhseacha a bhí sna sonraí allmhairiúcháin sin.

(82) I gcás líon tosca táirgeachta, b'ionann na costais iarbhír arna dtabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear dóibh siúd ar na ríomhanna maidir le corrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le gach amhábhair eile. Chun luach neamhshaofa gach amhábhar eile a shuí agus toisc comhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin a bheith in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir, bhunaigh an Coimisiún cóimheas gach amhábhar eile leis na costais iomlána amhábhair, 4,48 %. Cuireadh an céatadán sin chun feidhme ansin maidir le luach neamhshaofa na n-amhábhar chun luach neamhshaofa na n-amhábhar eile a fháil.

(83) Ba cheart na costais iompair intíre a chur leis na praghsanna allmhairiúcháin sin de ghnáth. Dá bhrí sin, agus éagmais comhair á cur san áireamh, mar aon le cineál an imscrúdaithe sin ar an athbhreithniú éaga, ina ndírítear ar a chinneadh ar leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó an bhféadfadh sé tarlú arís, seachas méid beacht na dumpála a fháil amach, chinn an Coimisiún nach raibh gá le coigeartuithe maidir le hiompar intíre. Ní bheadh de thoradh ar choigeartuithe den sórt sin ach an gnáthluach a mhéadú agus an corrlach dumpála a mhéadú freisin dá réir sin.

3.4.1.2. Lucht saothair

(84) Chun an tagarmharc le haghaidh costais saothair sa tír ionadaíoch a bhunú, d'úsáid an Coimisiún na sonraí a bhí ar fáil a d'fhoilsigh gníomhaireacht rialtas na Brasaíle "Instituto Brasileiro de Geografia e Estatística" (IBGE). Foilsíonn an IGBE ([36]) faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha difriúla den gheilleagar sa Bhrasaíl. D'úsáid an Coimisiún na staitisticí a bhí ar fáil le haghaidh 2020 maidir le meánchostas saothair i dtionscail na miotalóireachta, na cruach agus na monaraíochta (Catagóir 25 de réir NACE 2.0).

3.4.1.3. Leictreachas

(85) Chun an tagarmharc le haghaidh leictreachais sa tír ionadaíoch a bhunú, d'úsáid an Coimisiún na sonraí is déanaí a bhí ar fáil maidir le praghsanna tionsclaíocha leictreachais mar a ghearrann ceann de na soláthraithe leictreachais is mó sa Bhrasaíl, an chuideachta EDP Brazil. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha ([37]) sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in Real na Brasaíle/kWh a chlúdaíonn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.4.1.4. Gás nádúrtha

(86) Bailíonn an bunachar sonraí Global Petrol Prices ar a láithreán gréasáin praghas an gháis nádúrtha do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Bhrasaíl agus foilsíonn sé an praghas ann freisin ([38]). D'úsáid an Coimisiún an phraghsáil chomhfhreagrach ón bhfoilseachán lena gcumhdaítear tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.4.1.5. Uisce

(87) Chun an tagarmharc le haghaidh chostas an uisce sa tír ionadaíoch a shuí, d'úsáid an Coimisiún na praghsanna is infheidhme sa Bhrasaíl mar a ghearr an chuideachta Sabesp ([39]) atá freagrach as soláthar uisce, bailiú agus cóireáil séarachais i Stát Sao Paulo.

3.4.1.6. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímheas

(88) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús". Ina theannta sin, ní mór luach a shuí le haghaidh forchostais mhonaraíochta ar mhaithe leis na costais nár cuimsíodh sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas a chumhdach.

(89) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus toisc comhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a bheith in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir, bhunaigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta leis na costais iomlána mhonaraíochta agus saothair. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin maidir le luach neamhshaofa na gcostas monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil, ag brath ar an tsamhail a tháirgtear.

([36]) https://www.ibge.gov.br/en/statistics/economic/industry-and-construction/16906-pia-enterprise-pia1.html?=&t=o-que-e
([37]) http://www.edp.com.br/distribuicao-es/saiba-mais/informativos/tarifas-aplicadas-a-clientes-atendidos-em-alta-e-media-tensao-(grupo-a)
([38]) https://www.globalpetrolprices.com/Brazil/
([39]) http://site.sabesp.com.br/site/interna/Default.aspx?secaoId=183

(90) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais SGA agus brabúis, bhí an Coimisiún ag brath ar na sonraí airgeadais is déanaí a bhí ar fáil ó chuideachtaí sa Bhrasaíl a sainaithníodh sa Nóta FoP mar tháirgeoirí gníomhacha brabúsacha rothaí bóthair alúmanaim áirithe. Baineadh úsáid as sonraí airgeadais do na cuideachtaí seo a leanas mar a baineadh as Orbis Bureau van Dijk iad:

— IOCHPE MAXION S.A (Bliain Airgeadais 2019),

— NEO RODAS S.A (Bliain Airgeadais 2019)

3.4.2. *Ríomh an ghnáthluacha*

(91) De réir an mhéid thuas, is ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha a ríomh an Coimisiún an gnáthluach in aghaidh an bunchineál táirge, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(92) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú ar úsáid gach toisce (ábhair agus lucht saothair) chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

(93) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús leis mar a shonraítear in aithrisí (88) go (90). Cinneadh forchostais na monaraíochta ar bhonn na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir. Suíodh costais SG&A agus brabús bunaithe ar mheán na luachanna a tuairiscíodh i ráitis airgeadais an dá chuideachta sa tír ionadaíoch. Chuir an Coimisiún na haonaid seo a leanas leis an gcostas neamhshaofa monaraíochta:

— Is éard a bhí i bhforchostais na monaraíochta ar an iomlán 26,80 % de chostais dhíreacha na monaraíochta,

— Costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus costais eile, arbh ionann iad agus 13,75 % de Chostais na nEarraí a Díoladh, agus

— 6,24 % de chostas na n-earraí a díoladh ("COGS") a bhí sna brabúis, agus cuireadh iad le costais iomlána neamhshaofa na monaraíochta.

(94) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.5. **An praghas onnmhairiúcháin**

(95) In éagmais comhair ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín, is ar praghsanna CAL a baineadh as sonraí Eurostat a cinneadh an praghas onnmhairiúcháin, é ceartaithe go dtí an leibhéal díreach ón monarcha. Dá bhrí sin, rinneadh praghas CAL a laghdú de réir an chostais lasta mara agus an chostais árachais agus an chostais iompair intíre. Bhí costais intíre na Síne agus costais iompair idirnáisiúnta bunaithe ar fhaisnéis a sholáthair na hiarratasóirí san iarraidh ar athbhreithniú.

3.6. **Comparáid**

(96) Chuir an Coimisiún an gnáthluach a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha mar a shuitear thuas.

3.7. **Corrlach dumpála**

(97) Ar an mbonn sin, fuarthas amach go raibh corrlaigh dhumpála suntasach (os cionn 10 %). Ba é an chonclúid ar thángthas air dá bhrí sin gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL

(98) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, an gaol idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas, tarraingteacht mhargadh an Aontais. Meabhraítear go raibh an anailís bunaithe ar fhíricí a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, mar gheall ar neamh-chomhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairithe na Síne agus ó Rialtas na Síne, go háirithe an iarraidh ar athbhreithniú, staidreamh GTA agus faisnéis a bhí ar fáil.

4.1. **An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne.**

(99) Chun anailís a dhéanamh ar an gcumas táirgthe agus ar an gcumas spártha i nDaon-Phoblacht na Síne agus i bhfianaise neamh-chomhoibriú Rialtas na Síne agus tháirgeoirí onnmhairithe na Síne, bhí an Coimisiún ag brath ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil ina iarraidh ar athbhreithniú mar a shonraítear sna haithrisí thíos.

(100) Léirigh an t-imscrúdú go bhfuil ró-acmhainneacht ghinearálta i dtáirgeadh rothaí bóthair alúmanaim áirithe sa tSín. Meastar gur 189,8 milliún roth a bhí i gceist leis an acmhainneacht táirgeachta ([40]) do 2020 sa tSín. De réir fhaisnéis mhargaidh an iarratasóra, b'ionann díolacháin na Síne agus 153 milliún roth, agus úsáideadh 108 milliún díobh sa bhaile agus onnmhairíodh thart ar 45 milliún. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil an acmhainneacht bhreise níos mó ná 36 mhilliún roth (nó níos mó ná leath de thomhaltas an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe), a d'fhéadfaí a atreorú chuig an Aontas dá scoirfeadh na bearta reatha d'fheidhm a bheith acu.

(101) Ar bhonn an mhéid thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh go bhfuil acmhainneachtaí breise suntasacha ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, acmhainneachtaí a d'fhéadfadh a úsáid le haghaidh onnmhairí chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag.

4.2. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(102) Tá margadh an Aontais le haghaidh rothaí bóthair alúmanaim áirithe i measc na margaí is mó ar domhan, ar margadh é atá á thiomáint ag táirgeadh fairsing thionscal na ngluaisteán san Aontas, rud a mheallann líon suntasach allmhairí ón tSín cheana féin. Thairis sin, d'fhorchuir margaí tábhachtacha eile amhail SAM agus an India leigheasanna trádála ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim ón tSín. Dá bhrí sin, meastar gur dócha go dtiocfadh méadú breise ar mhéideanna allmhairí an Aontais ón tSín mar thoradh ar fhorchur beart trádála i bpríomh-mhargaí eile, dá gcuirfí deireadh leis na bearta atá ann faoi láthair.

(103) Fiú amháin leis na bearta atá i bhfeidhm, lean onnmhairí na Síne chuig an Aontas ar aghaidh ag léiriú go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach i gcónaí do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne fiú agus bearta á ndéanamh. Rinne an Coimisiún anailís ar leibhéal praghsanna na n-onnmhairí Síneacha chuig tríú margaí eile ar bhonn sonraí GTA. Bhí meánphraghsanna onnmhairiúcháin ualaithe na Síne chuig tríú tíortha, ar leibhéal EUR 43,94, i bhfad níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais (thart ar 13 %). Dá bhrí sin, is dócha, dá ligfí do na bearta dul in éag, go mbeadh margadh an Aontais níos tarraingtí fós d'onnmhaireoirí na Síne agus gan dleachtanna, go bhféadfadh onnmhaireoirí na Síne a n-onnmhairí chuig an Aontas a mhéadú.

(104) Gné tharraingteach bhreise de mhargadh an Aontais is ea go dtáirgtear sa tSín freisin dearadh beacht rothaí áirithe a úsáidtear san Aontas.

(105) Dá bhrí sin, bunaithe ar an ró-acmhainneacht shuntasach i nDaon-Phoblacht na Síne agus tarraingteacht mhargadh an Aontais, mheas an Coimisiún sa deireadh, dá ligfí do na bearta reatha dul in éag, gur dócha go ndéanfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne onnmhairiú a athdhíriú ar an Aontas ar phraghsanna dumpáilte.

4.3. **Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil**

(106) I bhfianaise a thorthaí ar leanúnachas na dumpála le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe agus ar fhorbairt dhóchúil na n-allmhairí dá rachadh na bearta as feidhm, ba é conclúid an Choimisiúin gur mhór an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil dá rachadh na bearta frithdhumpála ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne in éag.

5. **DÍOBHÁIL**

5.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(107) Rinne thart ar 30 táirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is iad "tionscal an Aontais" iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(108) Measadh go raibh thart ar 64,3 milliún ítim i gceist le táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir leis an tionscal de chuid an Aontais, amhail an freagra ar an gceistneoir maicreacnamaíoch a sholáthair an gearánach. Mar a léirítear in aithris (12), is éard a bhí i gceist leis na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, 20 % de chainníocht táirgeachta iomlán tháirgeoirí aitheanta an Aontais a dhéanann an táirge comhchosúil.

([40]) Iarscríbhinn D.1 a ghabhann leis an Iarraidh ar athbhreithniú.

5.2. **Tomhaltas an Aontais**

(109) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn dhíolacháin iomlán thionscal an Aontais san Aontas, móide allmhairí ó thríú tíortha isteach san Aontas. Fuarthas díolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais ón ngearán, agus rinneadh iad a choigeartú ar bhonn na sonraí a soláthraíodh sna freagraí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. I gcás allmhairí, bhraith an Coimisiún ar bhunachar sonraí Eurostat Comext. Mar sin féin, ó tharla nach soláthraíonn bunachar Sonraí Eurostat Comext ach meáchan na n-allmhairí seachas líon na n-ítimí ARW a allmhairíodh, ba ghá an meáchan a thiontú ina n-ítimí. Sa ghearán, bhain an gearánach feidhm as an gcóimheas comhshó a úsáideadh sa imscrúdú deireanach ar an táirge céanna ([41]) (i.e. 10,9 kg in aghaidh na hítime). Fíoraíodh bailíocht an chóimheasa comhshó sin ar bhonn na bhfreagraí ceistneora ó Mharacó agus ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais mar a luaitear in aithris (78) den Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1221 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó ([42]) ("imscrúdú ARW Mharacó"). Léirigh an t-imscrúdú gur 11,3 kg a bhí sa mheánmheáchan ualaithe in aghaidh na hítime is infheidhme faoi láthair toisc go bhfuil treocht an mhargaidh ag dul i dtreo trastomhas rotha níos mó, rud a fhágann go bhfuil méadú ar an meáchan in aghaidh an rotha. Dá bhrí sin, úsáideadh an cóimheas sin nuair a bhí tomhaltas an Aontais in aghaidh na hítime á shuí.

(110) Ar an mbonn sin, is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (ítimí)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán (de réir 000 ítim)	77 873	73 797	59 530	64 311
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*95*	*76*	*83*

Foinse: Bunachar sonraí Eurostat Comext, EUWA agus na freagraí fíoraithe ar an gceistneoir

(111) Tháinig laghdú 5 % ar thomhaltas aon Aontais idir 2018 agus 2019 agus tháinig laghdú 19 % air idir 2019 agus 2020. In 2020, bhí laghdú 4,2 milliún feithicil i gceist le táirgeacht an tionscail gluaisteán i ngeall ar phaindéim COVID-19, agus dá bhrí sin bhí tionchar díreach ar sholáthróirí réamhtheachtach toisc go raibh laghdú 14 milliún ar dhíolacháin ARW in 2020 i gcomparáid le 2019. Ba mhór an t-ísliú sa táirgeacht sa dara ráithe de 2020, ach théarnaigh an margadh sna míonna ina dhiaidh sin. D'aisghabháil an margadh 5 mhilliún roth: ó 59 in 2020 go dtí 64 mhilliún roth le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Níor shroich an tomhaltas leibhéal 2019 áfach mar gheall ar an nganntanas leathsheoltóirí a úsáideann monaróirí gluaisteán.

5.3. **Allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne**

5.3.1. *Cainníocht agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne*

(112) Shuigh an Coimisiún cainníocht na n-allmhairí ar bhonn bhunachar sonraí Eurostat Comext. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn an sciar de thomhaltas iomlán an Aontais a léirigh na hallmhairí sin mar a leagtar amach in aithris (109).

(113) Seo a leanas mar a bhí forbairt na n-allmhairí isteach san Aontas ó Dhaon-Phoblacht na Síne:

Tábla 3

Cainníocht na n-allmhairí (ítimí) agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Cainníocht na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (de réir 000 ítim)	3 734	3 493	2 230	2 205
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*94*	*60*	*59*

([41]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/109.

([42]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1221 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó (IO L 188, 15.7.2022, lch. 114).

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An sciar den mhargadh (%)	4,8	4,7	3,7	3,4
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*98*	*77*	*71*

Foinse: Bunachar Sonraí Eurostat Comext

(114) Tháinig laghdú ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhan sciar de mhargadh a bhí ag na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne cobhsaí le linn 2018-2019 agus thit sé 29 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ba cheart breathnú ar an bhforbairt sin, áfach, mar thoradh ar cheann de phríomhtháirgeoirí na Síne a bhunú i Maracó.

5.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne:*

(115) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ó Dhaon-Phoblacht na Síne:

Tábla 4

Meánphraghsanna onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
De réir EUR/ítim	50,1	50,3	49,3	53,9
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*100*	*98*	*108*

Foinse: Bunachar Sonraí Eurostat Comext

(116) Tháinig méadú thart ar EUR 4 ar an meánphraghas allmhairiúcháin in aghaidh na hítime ó Dhaon-Phoblacht na Síne idir 2018 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar sin féin, tá cuid den phraghas díola innéacsaithe leis an bpraghas alúmanaim ar Mhalartán Miotail Londan ("LME"). I bhfianaise neamh-chomhoibriú tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, rinne an Coimisiún comparáid idir meánphraghas díola ualaithe tháirgeoirí an Aontais a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna choigeartú de réir leibhéal díreach ón monarcha, le meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe an táirge faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne ó Eurostat, arna bhunú ar bhonn CAL.

(117) Léirigh toradh na comparáide go raibh meánphraghas díola thionscal an Aontais níos ísle ná an praghas allmhairiúcháin ón tSín a suíodh dá réir sin.

5.3.3. *Allmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne*

(118) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar chainníocht na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn a tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne

Tír		2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An Tuirc	Cainníocht (de réir 000 ítim)	7 983	7 632	7 010	8 364
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*96*	*88*	*105*
	An sciar den mhargadh (%)	10,3	10,3	11,8	13,0
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*101*	*115*	*126*
	Meánphraghas (EUR/aonad)	53,6	51,9	49,7	51,1
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*97*	*93*	*95*

Tír		2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Maracó	Cainníocht (de réir 000 ítim)	0	15,7	1 038	2 516
	Innéacs (2018 = 100)	—	*100*	*6 611*	*16 025*
	An sciar den mhargadh (%)	—	0,0	1,7	3,9
	Innéacs (2018 = 100)	—	*100*	*8 196*	*18 389*
	Meánphraghas (EUR/ítim)	—	39,2	42,6	44,7
	Innéacs (2018 = 100)		*100*	*109*	*114*
An Téalainn	Cainníocht (de réir 000 ítim)	2 228	1 911	1 527	1 487
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*86*	*69*	*67*
	An sciar den mhargadh (%)	2,9	2,6	2,6	2,3
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*90*	*90*	*79*
	Meánphraghas (EUR/ítim)	52,3	50,8	49,0	50,3
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*97*	*94*	*96*
An Chóiré Theas	Cainníocht (de réir 000 ítim)	1 813	1 577	1 460	1 065
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*87*	*81*	*59*
	An sciar den mhargadh (%)	2,3	2,1	2,5	1,7
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*91*	*109*	*74*
	Meánphraghas (EUR/ítim)	52,2	52,9	50,9	53,5
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*101*	*97*	*102*

Tír		2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tríú tíortha eile	Cainníocht (de réir 000 ítim)	4 612	3 663	3 151	3 279
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*79*	*68*	*71*
	An sciar den mhargadh (%)	5,9	5,0	5,3	5,1
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*85*	*90*	*86*
	Meánphraghas (EUR/ítim)	69,1	74,9	71,1	75,9
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*108*	*103*	*110*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín	Cainníocht (de réir 000 ítim)	16 638	14 801	14 189	16 713
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*89*	*85*	*100*
	An sciar den mhargadh (%)	21,4	20,1	23,8	26,0
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*94*	*112*	*121*
	Meánphraghas (EUR/ítim)	57,5	57,5	54,0	55,1
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*100*	*94*	*96*

Foinse: Bunachar Sonraí Eurostat Comext

(119) 21,4 % a bhí sa sciar den mhargadh a bhí ag cainníochtaí allmhairiúcháin ó thríú tíortha in 2018 agus 26,0 % a bhí ann i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig laghdú in 2019 agus 2020 ar chainníocht na n-allmhairí sin, ach d'fhill siad ar leibhéil 2018 le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a d'fhág go raibh méadú 21 % ar a sciar den mhargadh idir 2018 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig laghdú 4 % ar mheánphraghas allmhairiúcháin na n-allmhairí sin agus bhí sé ní b'airde i gcomparáid le meánphraghas thionscal an Aontais (+ 8,9 %) agus ní b'airde i gcomparáid leis an meánphraghas allmhairiúcháin ón tír lena mbaineann (+ 2,2 %). Mhéadaigh dhá thír a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú: An Tuirc agus Maracó. Bhí meánphraghsanna na Tuirce beagán níos airde i gcomparáid le praghsanna thionscal an Aontais (1,0 %) agus i bhfad níos airde ná meánphraghas allmhairiúcháin ón Mharacó (14 %).

5.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(120) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(121) Mar a luaitear in aithris (12), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(122) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a fuarthas sna freagraí ar an gceistneoir frithdhumpála ó na táirgeoirí a sampláladh mar aon le sonraí maicreacnamaíocha arna soláthar ag táirgeoirí neamhshampláilte agus ag comhlachas táirgeoirí an Aontais, a chros-seiceáil leis na sonraí san iarraidh ar athbhreithniú. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí an Aontais go léir. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ceistneora ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Na sonraí a bhaineann leis na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Rinneadh amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(123) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(124) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna na n-ítimí, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

5.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(125) Is mar seo a leanas a d'fhorbair táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Cainníocht táirgeachta (de réir 000 ítim)	59 182	57 097	44 718	48 752
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*96*	*76*	*82*
Acmhainneacht táirgeachta (de réir 000 ítim)	62 614	62 475	61 619	61 294
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*100*	*98*	*98*
Úsáid acmhainneachta (%)	95	91	73	80
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*97*	*77*	*84*

Foinse: EUWA agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(126) Ar an iomlán, tháinig laghdú ar chainníocht táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú beag 4 % uirthi le linn 2018 agus 2019. Le paindéim COVID-19, tháinig laghdú 12,3 milliún ítim uirthi in 2020 agus théarnaigh sí faoi 4 mhilliún ítim i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(127) Cé gur tháinig laghdú 2 % ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais, lean an acmhainneacht úsáidte an treocht dhiúltach chéanna a bhí ag an táirgeacht agus ba é 15 % an laghdú a tháinig air le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.4.2.2. Cainníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(128) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar chainníocht díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Cainníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Cainníocht na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (de réir 000 ítim)	57 501	55 502	43 110	45 391
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*97*	*75*	*79*

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An sciar den mhargadh (%)	73,8	75,2	72,4	70,6
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*102*	*98*	*96*

Foinse: EUWA agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(129) Tháinig laghdú 21 % ar chainníocht dhíolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 3 % uirthi idir 2019 agus 2019 agus tháinig ísliú 12,4 mhilliún ítim uirthi in 2021. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, théarnaigh na díolacháin faoi 2,2 milliún ítim.

(130) Tháinig méadú beag ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais idir 2018 agus 2019, cé gur tháinig laghdú air in 2020, agus laghdaigh sé fós i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.4.2.3. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(131) Is mar seo a leanas a d'fhorbair an fhostaíocht agus an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Líon na bhfostaithe	17 816	17 866	16 963	16 790
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*100*	*95*	*94*
Táirgiúlacht (ítim/fostaí)	3 322	3 196	2 636	2 904
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*96*	*79*	*87*

Foinse: EUWA agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(132) Cé gur tháinig méadú 6 % ar an líon fostaithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 13 % ar tháirgiúlacht. Tháinig laghdú ar an táirgiúlacht go príomha mar gheall ar an laghdú ar chainníocht an táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig méadú ar chostais saothair in aghaidh gach míre den ARW a táirgeadh dá bharr.

5.4.2.4. Fás

(133) Mar a mhínítear i Ranna 5.4.2.1 go 5.4.2.3 thuas, tháinig laghdú 18 % agus 16 % faoi seach ar chainníocht na táirgeachta agus ar úsáid acmhainneachta ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, as ar eascair costais sheasta níos airde in aghaidh an aonaid táirgthe agus táirgiúlacht níos ísle. Tháinig méadú 1,7 EUR/ítim (+ 3,4 %) ar chostais iomlána an tionscail le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, tháinig laghdú 3,3 EUR/ítim (-6,1 %) ar mheánphraghas díola an Aontais.

(134) Thairis sin, tháinig laghdú 21 % ar an gcainníocht díolachán ar mhargadh an Aontais agus laghdú 5 % ar an sciar den mhargadh idir 2018 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an gcaoi sin, tháinig meath ar fheidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais. Mar a mhínítear i Roinn 4.4.3.1 thíos, bhí costas níos airde táirgthe i ndán dó agus ní raibh sé in ann a phraghsanna díolachán a choigeartú dá réir.

(135) Dá bhrí sin, tá peirspictíochtaí fáis thionscal an Aontais i mbaol.

5.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana

(136) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, leanadh den dumpáil agus bhí sí i bhfad níos airde ná an leibhéal *de minimis*. Ba shubstaintiúil an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise chainníocht agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(137) San athbhreithniú éaga roimhe seo, ba é conclúid an Choimisiún nach raibh díobháil ábhartha á déanamh do thionscal an Aontais a thuilleadh agus ar an gcaoi sin gur théarnaigh sé ón dumpáil a rinneadh roimhe sin. Ina theannta sin, chinn an Coimisiún go sealadach san imscrúdú leanúnach maidir le hallmhairí ó Mharacó ([43]) gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe de dheasca na n-allmhairí ó Mharacó nár rannchuidigh allmhairí ón tSín leo.

(138) Dá réir sin, dheimhnigh an Coimisiún gur théarnaigh tionscal an Aontais ón dumpáil a rinneadh roimhe sin mar gheall ar allmhairí ón tSín sular thosaigh na hallmhairí dumpáilte ó Mharacó a theacht isteach i margadh an Aontais i méideanna atá ag méadú ó 2019.

5.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.4.3.1. Praghsanna agus fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(139) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh na hítime ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Praghsanna díolachán san Aontas

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánphraghas díola in aghaidh na hítime i margadh an Aontais (EUR/ítim)	53,9	52,3	49,3	50,6
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*97*	*92*	*94*
Costas táirgthe in aghaidh na hítime (EUR/ítim)	49,9	48,2	49,3	51,6
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*97*	*99*	*104*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(140) Tháinig laghdú 6 % ar meánphraghsanna díola thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú cé gur tháinig méadú 4 % ar an meánchostas táirgthe idir 2018 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a mhéadú chun costas méadaithe an táirgthe a chumhdach.

5.4.3.2. Costais saothair

(141) Is mar seo a leanas d'fhorbair meánchostais saothair tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	35 216	35 700	33 084	35 951
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*101*	*94*	*102*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(142) Tháinig méadú beag 2 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí de chuid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú beag air in 2019 agus tháinig laghdú 6 % air in 2020, go príomha mar gheall ar an múchadh táirgeachta i ngeall ar phaindéim COVID-19.

([43]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1221, aithris (154).

5.4.3.3. Fardail

(143) Is mar seo a leanas d'fhorbair leibhéil stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Fardail

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (de réir 000 ítim)	556	439	492	776
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*79*	*88*	*140*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	0,9	0,8	1,1	1,6
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*89*	*122*	*177*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(144) Tháinig méadú is mó ná 40 % ar fhardail le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 21 % orthu in 2019, laghdú 12 % in 2020 agus théarnaigh siad faoi +57 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tá creatchonarthaí bliantúla idir táirgeoirí agus custaiméirí lena socraítear na cainníochtaí agus na praghsanna ina saintréithe ag tionscal ARW san Aontas. Cuirtear na creatchonarthaí i bhfeidhm trí orduithe ceannaigh de réir riachtanais an chustaiméara. Mar thoradh air sin, is féidir le tionscal an Aontais a tháirgeadh agus a fhardail a phleanáil. Dá bhrí sin, ní príomhtháscaire iad fardail chun feidhmíocht thionscal an Aontais a mheasúnú.

5.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

(145) Is mar seo a leanas d'fhorbair brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí i gcás tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Brabúsacht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíochtaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	7,5	8,2	0,4	– 1,6
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*109*	*5*	*– 21*
Sreabhadh airgid (in 000 EUR)	81 153	82 495	31 805	22 956
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*102*	*39*	*28*
Infheistíochtaí (in 000 EUR)	37 788	30 757	19 848	21 845
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*81*	*53*	*58*
An toradh ar infheistíochtaí	12,0	9,1	0,3	– 0,5
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*76*	*3*	*– 4*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(146) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin díolacháin an táirge chomhchosúil i gcás custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(147) Tháinig méadú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais idir 2018-2019 ó 7,5 % go dtí 8,2 % ach ansin tháinig laghdú géar air idir 2019 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nuair a tuairiscíodh caillteanais (-1,6 %). Ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna díola a mhéadú chun costas méadaithe an táirgthe a chumhdach, agus dá bhrí sin bhí caillteanais aige.

(148) Is éard atá sa sreabhadh airgid glan cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig laghdú anuas ar threocht an ghlansreafa airgid agus tháinig laghdú mór 72 % uirthi le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, bhí deacrachtaí ag tionscal an Aontais a chuid gníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú, ar léiriú breise é ar a staid airgeadais atá imithe in olcas.

(149) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Lean sé treocht dhiúltach cosúil le brabúsacht agus sreabhadh airgid glan. Laghdaigh an toradh ar infheistíocht go suntasach idir 2018 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus bhí sé diúltach i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann dóthain brabúis a ghiniúint chun a chuid infheistíochtaí a chumhdach. Go deimhin, choinnigh tionscal an Aontais a infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar gheall den chuid is mó ar an ngá ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh agus ní raibh sé in ann toradh a fháil ar na hinfheistíochtaí sin. Léirigh forbairt dhiúltach an toraidh ar infheistíocht le linn na tréimhse a measadh a thuilleadh go ndeachaigh staid airgeadais fhoriomlán thionscal an Aontais in olcas ar bhealach suntasach.

(150) Bhí tionchar ag an staid airgeadais meathlaithe ar chumas tháirgeoirí an Aontais caipiteal a thiomsú. Léirigh an laghdú suntasach ar bhrabúsacht agus ar ghlansreabhadh an airgid thirim go bhfuil ábhair mhóra imní ann a mhéid a bhaineann le staid leachtachta thionscal an Aontais agus maidir lena chumas caipiteal a thiomsú chun a ghníomhaíocht oibriúcháin agus infheistíochtaí riachtanacha a mhaoiniú.

5.4.4. *Conclúid faoi dhíobháil*

(151) Léiríonn an chaoi ar fhorbair na macratháscairí agus na micratháscairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú gur in olcas a chuaigh an staid airgeadais maidir le tionscal an Aontais. Ar an iomlán, chuaigh treochtaí na bpríomhtháscairí eacnamaíocha uile in olcas le linn na tréimhse a measadh.

(152) Cé gur fhan acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais cobhsaí, tháinig laghdú 16 % ar úsáid acmhainneachta idir 2018 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a d'fhág gur airde an costas seasta in aghaidh an tona ARW. De réir na treochta céanna, meastar gur bhfuil meath ar chainníocht díola agus sciar den mhargadh de chuid thionscal an Aontais sa tréimhse faoi bhreathnú.

(153) Chuaigh staid airgeadais thionscal an Aontais in olcas go príomha mar gheall ar chostas méadaithe an táirgthe, rud nach bhféadfaí a chumhdach le méadú comhfhreagrach ar a bpraghsanna díola.

(154) Tháinig laghdú 6 % ar meánphraghsanna díola thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé gur tháinig méadú 9 % ar an meánchostas táirgthe sa tréimhse chéanna. D'fhulaing tionscal an Aontais caillteanais ó 2020 ar aghaidh, rud a mhéadaigh a thuilleadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Cé gur tháinig laghdú 42 % ar ghlaninfheistíochtaí, bhí toradh diúltach ar infheistíochtaí ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí treocht an tsreafa airgid diúltach freisin, rud a chuir isteach ar chumas thionscal an Aontais a chuid oibríochtaí féin a fhéinmhaoiniú. Tháinig laghdú 6 % ar an líon fostaithe le linn na tréimhse céanna; tháinig laghdú 13 % ar an táirgiúlacht, áfach, rud a d'fhág gur airde an costas saothair in aghaidh an tona ARW.

(155) Mar a leagtar amach thuas, tháinig meath suntasach ar tháscairí eacnamaíocha amhail brabúsacht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht le linn na tréimhse atá san áireamh. D'éirigh an bhrabúsacht diúltach in 2020 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. D'imir sé sin tionchar diúltach ar chumas thionscal an Aontais oibríochtaí féinmhaoinithe a dhéanamh, na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh agus caipiteal a thiomsú, rud a chuir bac ar an bhfás agus fiú bagairt ar a mharthanas. Ar an taobh eile, d'éirigh le tionscal an Aontais méid mór díolacháin agus sciar suntasach den mhargadh a choinneáil, in ainneoin na dtreochtaí atá ag dul i laghad.

(156) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(157) Rinne an Coimisiún measúnú ar cibé acu an raibh nasc cúisíoch idir allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, nó nach raibh.

(158) Mar a mhínítear in aithris (114), tháinig laghdú 29 % ar na méideanna ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus shroich siad sciar 3,4 % den mhargadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shuigh an Coimisiún freisin in aithris (117) go raibh meánphraghas na n-allmhairí ón tSín os cionn an mheánphraghais a ghearr tionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearnadh an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais de bharr allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(159) San am céanna, shuigh an Coimisiún go sealadach san imscrúdú leanúnach ar leith maidir le hallmhairí ARWanna ó Mharacó, go raibh allmhairí ar phraghas íseal ó Mharacó, a rinne ní hamháin sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais ach a raibh cúngach praghsanna á bhfeidhmiú acu freisin, ina gcúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(160) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún tuilleadh scrúdaithe ar an dóchúlacht go dtarlóidh díobháil arís má théann na bearta in éag.

6. AN DÓCHÚLACHT GO gCUIRFEAR TÚS ARÍS LEIS AN DÍOBHÁIL

(161) Ba é conclúid an Choimisiúin in aithris (156) nach ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de bharr allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar cibé acu an mbeadh dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ba chúis léi ar an gcéad dul síos dá ligfí do na bearta dul as feidhm.

(162) Chun a shuí cibé acu atá dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ba chúis leis an díobháil i dtosach báire, nó nach bhfuil, mheas an Coimisiún na heilimintí seo a leanas: (i) méid táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne agus tarraingteacht mhargadh an Aontais; (ii) leibhéil phraghais dhóchúla allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus a dtionchar ar staid thionscal an Aontais, i gcás ina rachadh na bearta a cheadaítear in éag; agus (iii) cleachtais imchéimnithe a bheith ann.

6.1. Méid táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne — tarraingteacht mhargadh an Aontais

(163) Mar a leagtar amach in aithris (101), ba mhó go mór an cumas táirgthe i nDaon-Phoblacht na Síne ná na méideanna táirgeachta agus an t-éileamh ar mhargadh na Síne. Chomh maith leis sin, i bhfianaise na gconclúidí maidir le tarraingteacht mhargadh an Aontais, mar a thuairiscítear in aithrisí (104) agus (105), is ridhócha go n-úsáidfear acmhainneacht spártha den sórt sin chun onnmhairí chuig margadh an Aontais a mhéadú, dá gceadófaí do bhearta dul in éag.

6.2. Ba cheart go rachadh na bearta in éag ar leibhéil praghsanna dhóchúla allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ar a dtionchar ar staid thionscal an Aontais

(164) Chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-allmhairí amach anseo ar staid thionscal an Aontais, mheas an Coimisiún go mbeadh leibhéil praghsanna onnmhairí na Síne go tríú margaí eile ina tháscaire réasúnta ar na leibhéil praghsanna a bheidh ann amach anseo do mhargadh an Aontais.

(165) Mar a leagtar amach in aithrisí (102) go (105), rinne an Coimisiún anailís ar leibhéal praghsanna onnmhairí na Síne chuig tríú margaí eile agus fuair sé go raibh na praghsanna onnmhairiúcháin sin i bhfad níos ísle i gcomparáid le praghsanna thionscal an Aontais (i.e. 13 %). Dá bhrí sin, tá margadh an Aontais, ó thaobh praghsanna de, an-tarraingteach i gcónaí do tháirgeoirí na Síne.

(166) I bhfianaise an mhéid thuas, agus dá mbeadh orthu aghaidh a thabhairt ar mhéadú ar allmhairí ar phraghas íseal ó Dhaon-Phoblacht na Síne, bheadh ar tháirgeoirí an Aontais a bpraghsanna a laghdú chun méideanna díolacháin agus scaireanna margaidh a choinneáil. Bheadh tionchar aige sin ar bhrabúsacht fhoriomlán an tionscail, rud a rachadh in olcas a thuilleadh i gcás ina mbeadh caillteanas ann cheana féin (-1,6 %) le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(167) Ar an taobh eile, dá gcoinneodh tionscal an Aontais a leibhéil reatha praghsanna, bheadh tionchar diúltach, beagnach láithreach, aige sin ar a mhéid díolacháin agus táirgthe chomh maith lena sciar den mhargadh. Thairis sin, dá dtiocfadh laghdú ar mhéid an táirgthe, thiocfadh méadú ar chostais ítime an táirgthe i ngeall ar shocair laghdaithe barainneachta scála. Thiocfadh meath breise ar bhrabúsacht thionscal an Aontais dá bharr sin agus mar thoradh air sin bheadh caillteanais bhreise cheana féin sa ghearrthéarma.

(168) Le caillteanas brabúsachta, ní bheadh tionscal an Aontais in ann na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh. I ndeireadh na dála, d'fhágfadh sé sin go gcaillfí fostaíocht agus go ndúnfaí línte táirgeachta.

6.3. **Conclúid**

(169) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gurb é is dóichí a tharlódh go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar phraghsanna níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag, rud a chuirfeadh a thuilleadh le staid diúltach thionscal an Aontais. Is rídhócha go mbeadh díobháil ábhartha ann arís mar thoradh air sin agus mar thoradh air sin, bheadh baol tromchúiseach ann d'inmharthanacht thionscal an Aontais.

7. **LEAS AN AONTAIS**

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(170) Má tá allmhairí ARWanna de thionscnamh Mharacó faoi réir bearta frithdhumpála, is é an t-aon chúis le díobháil ábhartha a bheadh ann na hallmhairí ón tSín. Dá bhrí sin, dá ligfí do na bearta i gcoinne na Síne dul in éag, cuirfear tús arís leis an díobháil ábhartha a tharla de bharr na n-allmhairí ón tír sin.

(171) Beidh tionchar dearfach ag bearta frithdhumpála ar tháirgeoirí an Aontais, ós rud é go gcabhróidh bearta tionscal an Aontais a phraghsanna díolacháin a oiriúnú chun costas méadaithe na táirgeachta a chumhdach. Dá bhrí sin, chabhródh bearta le tionscal an Aontais filleadh ar staid inbhuanaithe, rud a d'fhágfadh go bhféadfadh sé infheistíochtaí a dhéanamh amach anseo, go háirithe chun ceanglais chomhshaoil agus shóisialta a chomhlíonadh.

(172) In éagmais beart, ní chosnófar tionscal an Aontais a thuilleadh ar an méadú dóchúil ar allmhairí saora ón tSín, rud a bheidh ina chúis le díobháil ábhartha. Dá thoradh sin, bheifí ag súil go rachadh a staid airgeadais, go háirithe i dtéarmaí brabúsachta, toraidh ar infheistíochtaí agus sreabhadh airgid, in olcas a thuilleadh.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí, na dtrádálaithe agus na n-úsáideoirí neamhghaolmhara**

(173) Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na hallmhaireoirí neamhghaolmhara, na trádálaithe neamhghaolmhara agus na húsáideoirí neamhghaolmhara aitheanta uile. Níor fhreagair duine ar bith díobh ceistneoir an Choimisiúin.

(174) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil lenar léiríodh go mbeadh tionchar diúltach suntasach ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad ar na hallmhaireoirí ná ar na húsáideoirí, ar mhó é ná tionchar dearfach na mbeart ar an tionscal de chuid an Aontais.

7.3. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(175) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba é conclúid an Choimisiúin nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, a choinneáil ar bun.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(176) Bunaithe ar na conclúidí ón gCoimisiún maidir le leanúint de dhumpáil ó Dhaon-Phoblacht na Síne, atarlú na díobhála de bharr allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne, agus leas an Aontais, mheas an Coimisiún gur cheart na bearta frithdhumpála maidir le hallmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a choinneáil.

(177) Cuireadh gach páirtí leasmhar ar an eolas faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe na bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun. Tugadh tréimhse dóibh freisin chun uiríll a dhéanamh tar éis an nochta sin. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(178) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([44]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

([44]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/EU agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(179) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15 (1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear leis seo dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim faoi cheannteidil AC 8701 go 8705, bíodh siad lena n-oiriúintí nó ná bíodh, agus bíodh boinn feistithe orthu nó ná bíodh, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 8708 70 10 agus ex 8708 70 50 (cóid TARIC 8708 70 10 15, 8708 70 10 50, 8708 70 50 15 agus 8708 70 50 50) agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. 22,3 % a bheidh sa dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1.

3. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

Airteagal 2

I gcás ina dtíolacfar dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht i ndáil le hallmhairí rothaí bóthair alúmanaim d'fheithiclí atá faoi cheannteideal AC 8716, bíodh siad lena n-oiriúintí nó ná bíodh, agus bíodh boinn feistithe orthu nó ná bíodh, agus atá faoi láthair faoi chód AC ex 8716 90 90, déanfar cód TARIC 8716 90 90 15 nó 8716 90 90 50 a iontráil i réimse ábhartha an dearbhaithe sin. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, ar bhonn míosúil, líon na n-ítimí a allmhairítear faoin gcód seo, agus a dtionscnamh.

Airteagal 3

I gcás ina gcuirfear dearbhú um scaoileadh chun saorchúrsaíochta i láthair i ndáil leis na táirgí a luaitear faoi Airteagail 1 agus 2, cuirfear líon na dtáirgí allmhairithe isteach i réimse ábhartha an dearbhaithe sin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 18 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN